The arrangements involve the payment of employee contributions to Enterprise Ireland and the Department of Jobs, Enterprise and Innovation with the Department of Jobs, Enterprise and Innovation making funds available to the Board, through Enterprise Ireland, to meet the cost of benefits as they fall due.

The Department is currently considering the possibility of restructuring the schemes to ones which incorporate all of the County Enterprise Boards.

Pending resolution of these uncertainties about the schemes, the Board has not implemented the defined benefit scheme disclosure provisions of FRS17.

DUN LAOGHAIRE – RATHDOWN COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED

**Income and Expenditure Account
For the year ended 31 December 2011**

| Income | Notes | 2011 € | 2010 € |
|--|--------------|-------------------------|-------------------------|
| Oireachtas Grants | 1a | 1,259,853 | 1,084,743 |
| Repayable Grant Aid | | 286,005 | 61,517 |
| Other Income | 1b | 204,352 | 382,317 |
| Special Initiative for Travellers | 13 | 9,268 | - |
| | | <hr/> | <hr/> |
| | | 1,759,478 | 1,528,577 |
| Transfer from/(to) Capital Account | 7 | 4,058 | (6,834) |
| | | <hr/> | <hr/> |
| Total | | <u>1,763,536</u> | <u>1,521,743</u> |
| Expenditure | | | |
| Financial Assistance – Grants | 2 | 627,790 | 539,188 |
| Entrepreneurial Capability and Development | 4 | 657,320 | 533,602 |
| Administration | 5 | 478,426 | 448,953 |
| | | <hr/> | <hr/> |
| Total | | <u>1,763,536</u> | <u>1,521,743</u> |
| Surplus/(Deficit) for Year | | | |
| | | <hr/> | <hr/> |
| | | - | - |


The Board had no gains or losses in the financial year or the preceding financial year other than those dealt with in the Income and Expenditure Account.

The results for the year relate to continuing operations.


The statement of accounting policies together with notes 1 to 18 form part of these financial statements.



Patrick Beare
 Chairperson



Josephine Browne
 Director



Michael Johnson
 Chief Executive Officer


Date: 22 May 2012

DUN LAOGHAIRE – RATHDOWN COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED


Balance Sheet as at 31 December 2011

| | Notes | 2011 € | 2010 € |
|---|-------|---------------------|----------------------|
| Fixed Assets | | | |
| Tangible Assets | 6 | <u>9,735</u> | <u>13,793</u> |
| Current Assets | | | |
| Debtors | | 22,198 | 25,890 |
| Bank and Cash | | <u>451,555</u> | <u>767,470</u> |
| | | <u>473,753</u> | <u>793,360</u> |
| Current Liabilities | | | |
| Creditors and Accruals | | (42,190) | (34,361) |
| Deferred Income | 3c | (269,874) | (370,391) |
| Oireachtas Grant in Advance | | <u>(161,689)</u> | <u>(388,608)</u> |
| | | <u>(473,753)</u> | <u>(793,360)</u> |
| Net Current Assets/(Liabilities) | | - | - |
| Net Assets | | <u><u>9,735</u></u> | <u><u>13,793</u></u> |
| Financed By | | | |
| Capital Account | 7 | 9,735 | 13,793 |
| Income and Expenditure Account | | - | - |
| | | <u><u>9,735</u></u> | <u><u>13,793</u></u> |


The statement of accounting policies together with notes 1 to 18 form part of these financial statements.



Patrick Beare
Chairperson



Josephine Browne
Director



Michael Johnson
Chief Executive Officer

Date: 22 May 2012

DUN LAOGHAIRE – RATHDOWN COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED

Notes to the Financial Statements

1a. Funding and Expenditure of the Board

Local Enterprise

Section 10 (2) of the Industrial Development Act, 1995 provides for payment of grants by the Minister for Jobs, Enterprise and Innovation to the Board. Under Statutory Instrument No. 655 of 2006, Enterprise Ireland pays grants on behalf of the Minister. Expenditure by the Board is applied on measures under the Local Enterprise Development Sub – Programme, Innovation and the Knowledge Economy Priority, of the Southern and Eastern Regional Operational Programme 2007-2013.

The measures are as follows:

- Measure 1 - Selective Financial Assistance
- Measure 2 - Entrepreneurial and Capability Development

1b. Other Income

| | 2011 | 2010 |
|-----------------------------------|----------------|----------------|
| | € | € |
| Management Development Programmes | 20,200 | 15,000 |
| Training | 34,079 | 48,586 |
| Mentoring | 7,495 | 13,025 |
| Enterprise Promotion | 79,018 | 266,485 |
| Other | 63,560 | 39,221 |
| | 204,352 | 382,317 |

2. Selective Financial Assistance

The Board makes offers of grant assistance which, if accepted, remains valid as a commitment of the Board for a specified period or in the circumstances specified on approval. Such offers are de-committed when the offer period has expired or the circumstances alter.

Funding provided by the Department for payment of Selective Financial Assistance in 2011 was €341,785. The outstanding commitments of the Board at 31 December 2011 arose as follows:

| | Grants | Repayable | Preference | Total |
|--|----------------------|----------------------|-------------------|----------------------|
| | € | Grants € | Shares € | € |
| Commitments at 1 January 2011 | 235,078 | 432,063 | - | 667,141 |
| Approvals | 520,412 | 321,636 | - | 842,048 |
| | <hr/> 755,490 | <hr/> 753,699 | <hr/> - | <hr/> 1,509,189 |
| Decommitted - 2011 Approvals | (106,870) | (53,492) | - | (160,362) |
| - Pre 2011 Approvals | (174,171) | (187,743) | - | (361,914) |
| | <hr/> 474,449 | <hr/> 512,464 | <hr/> - | <hr/> 986,913 |
| Expenditure | 366,059 | 261,731 | - | 627,790 |
| Commitments at 31 December 2011 | <hr/> 108,390 | <hr/> 250,733 | <hr/> - | <hr/> 359,123 |

Expenditure of €627,790 comprises Feasibility Grants €75,521, Priming Grants €328,471 and Business Expansion Grants of €23,798.

Outstanding commitments of €359,123 at 31 December 2011 were all entered into after 1 January 2011.

DUN LAOGHAIRE – RATHDOWN COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED

Notes to the Financial Statements

3a. Investments

The amount invested by way of preference shares was €1,701,508 at 31 December 2011. As it is not possible to accurately assess the value of these shares, which is dependent on the performance of the enterprises, the shares are not capitalised on the Balance Sheet. Dividends, interest & repayments received, are taken into account on a cash basis. Such receipts may only be used by the Enterprise Board to fund further grants. Repayments of Refundable Aid may only be used to fund further grants under Measure 1. €660,021 advanced by way of repayable grants was potentially refundable at 31 December 2011.

| Movement in Investments(at cost) | 2011 | 2010 |
|----------------------------------|-------------|-------------|
| Balance at 1 January | 1,826,058 | 1,857,186 |
| Repaid in the year | (98,300) | (124,878) |
| Issued in the year | - | 130,000 |
| Amounts written off | (26,250) | (36,250) |
| Balance at 31 December | 1,701,508 | 1,826,058 |

DUN LAOGHAIRE – RATHDOWN COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED

3a. Investments - continued

The following investments were held by the Board at 31 December 2011:

| Company Name | Type of Share | 2011 € | 2010 € |
|-------------------------------|------------------------------|-----------|-----------|
| Abrem Developments Ltd | Redeemable Preference Shares | 30,625 | 37,500 |
| Amtec Engineering Ltd | Redeemable Preference Shares | 38,880 | 38,880 |
| Arcline Ltd | Redeemable Preference Shares | 40,205 | 40,205 |
| Ardan Audio Ltd | Redeemable Preference Shares | 80,000 | 80,000 |
| Attention to Detail Ltd | Redeemable Preference Shares | 68,000 | 68,000 |
| Authentic Solutions | Redeemable Preference Shares | 33,333 | 36,458 |
| Biztel Europe Ltd | Redeemable Preference Shares | 63,500 | 63,500 |
| Cakes & Co. Ltd. | Redeemable Preference Shares | 37,980 | 37,980 |
| Captech Electronics | Redeemable Preference Shares | 19,250 | 19,250 |
| Checkpoint IT Ltd | Redeemable Preference Shares | 63,500 | 63,500 |
| Ciferion Ltd | Redeemable Preference Shares | 37,500 | 48,750 |
| CKSK Ltd | Redeemable Preference Shares | 5,600 | 15,200 |
| Complemen. Health On-line Ltd | Redeemable Preference Shares | 44,454 | 44,454 |
| Cornerstone International | Redeemable Preference Shares | 75,000 | 75,000 |
| Corporate Vitality Ltd | Redeemable Preference Shares | 35,156 | 35,938 |
| Counter Propaganda | Redeemable Preference Shares | 46,667 | 56,667 |
| Cvizz | Redeemable Preference Shares | 37,500 | 37,500 |
| Docagility Ltd | Redeemable Preference Shares | 35,417 | 35,417 |
| Fassbinder & English Ltd | Redeemable Preference Shares | 55,356 | 55,356 |
| Feely Consulting Ltd | Redeemable Preference Shares | 56,000 | 56,000 |
| GEMC Ireland Ltd | Redeemable Preference Shares | - | 26,250 |
| Handle Hygiene Ltd | Redeemable Preference Shares | 24,583 | 24,583 |
| Host IT Ltd | Redeemable Preference Shares | 113,750 | 122,500 |
| Interleado Ltd | Redeemable Preference Shares | 48,958 | 48,958 |
| Invotech Ltd | Redeemable Preference Shares | 73,438 | 73,438 |
| OWJO Technologies Ltd | Redeemable Preference Shares | 66,250 | 66,250 |
| Pandollic Ltd | Redeemable Preference Shares | 29,375 | 36,875 |
| Pekaar Technologies Ltd | Redeemable Preference Shares | 50,833 | 50,833 |
| Qtier Software Ireland Ltd | Redeemable Preference Shares | 38,646 | 38,646 |
| Red Box Direct Ltd | Redeemable Preference Shares | 21,250 | 36,250 |
| Reddar Ltd | Redeemable Preference Shares | 19,581 | 26,666 |
| RGC Technologies Ltd | Redeemable Preference Shares | 75,000 | 75,000 |
| Silver Spoon Media Ltd | Redeemable Preference Shares | 70,000 | 70,000 |
| Soft Export Ltd | Redeemable Preference Shares | 38,750 | 40,000 |
| Software Asset Management | Redeemable Preference Shares | 7,500 | 12,500 |
| Top 5 Modern Technologies Ltd | Redeemable Preference Shares | 32,500 | 38,333 |
| Vagabond Tours Ltd | Redeemable Preference Shares | 24,871 | 24,871 |
| Vidatum Ltd | Redeemable Preference Shares | - | 6,250 |
| Zahra Publishing Ltd | Redeemable Preference Shares | 62,300 | 62,300 |

DUN LAOGHAIRE – RATHDOWN COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED**3a. Investments - continued**

The Board reviews investments, and when it considers that repayment of the investment is unlikely, the Board will decide to write off that amount. Investments to the value of €26,250 were written off in 2011. Preference Shares to the value of €8,300 were redeemed in 2011.

3b. Repayable Grant Aid

As repayment is dependent on the performance of the enterprises, the amount outstanding is not included as an asset in the Balance Sheet. Repayments received are taken into account on a cash basis. Such receipts may be used by the Enterprise Board to fund further grants.

| | 2011 | 2010 |
|------------------------|-----------------|-------------|
| | € | € |
| Balance at 1 January | 478,770 | 361,285 |
| Issued in Year | 261,731 | 203,206 |
| Repaid in Year | (80,480) | (85,721) |
| Written Off in Year | <u>(26,146)</u> | <u>-</u> |
| Balance at 31 December | 633,875 | 478,770 |
| Due within 12 Months | 151,280 | 85,779 |
| Due after 12 Months | 482,595 | 392,991 |

The Board reviews balances due and when it considers that repayment is unlikely the Board will decide to write off that amount. Repayable grant aid of €26,146 was written off in 2011.

3c. Reallocation of Refundable Aid Receipts

| | 2011 | 2010 |
|--|----------------|----------------|
| | € | € |
| Balance of Refundable Aid receipts on hand 1 January | 370,391 | 212,950 |
| Refundable Aid payments advanced from Deferred Income | (286,005) | (61,517) |
| Refundable Aid receipts: Repayment of Refundable Aid in Year | 80,480 | 85,721 |
| Repayment of Preference Shares in Year | 98,300 | 124,878 |
| Interest/Dividends in Year | <u>6,708</u> | <u>8,359</u> |
| Balance of Refundable Aid receipts on hand at 31 December 2011 | <u>269,874</u> | <u>370,391</u> |

DUN LAOGHAIRE – RATHDOWN COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED

Notes to the Financial Statements

4. Entrepreneurial Capability and Development

| | 2011 | 2010 |
|-----------------------------------|----------------|----------------|
| | € | € |
| Management Development Programmes | 14,244 | 13,183 |
| Training | 90,813 | 103,632 |
| Mentoring | 46,810 | 51,870 |
| Enterprise Education | 39,827 | 30,732 |
| Enterprise Promotion | 258,045 | 319,875 |
| Other | 207,581 | 14,310 |
| | <u>657,320</u> | <u>533,602</u> |

5. Administration Costs

| | 2011 | 2010 |
|-------------------|----------------|----------------|
| | € | € |
| Salaries | 305,942 | 295,078 |
| Travel Expenses | 15,230 | 16,030 |
| Accommodation | 57,797 | 38,708 |
| Telephone | 8,626 | 9,915 |
| Office Expenses | 53,478 | 45,543 |
| Audit Fees | 6,392 | 6,392 |
| Professional Fees | 23,430 | 24,629 |
| Insurance | - | 4,813 |
| Staff Training | 2,280 | 2,508 |
| Depreciation | 5,251 | 5,337 |
| | <u>478,426</u> | <u>448,953</u> |

6. Fixed Assets

| Cost/Valuation | Furniture | Equipment | Total |
|---|----------------------|-----------------------|-----------------------|
| | € | € | € |
| Balance at 1 January 2011 | 22,106 | 132,227 | 154,333 |
| Additions in Year | - | 1,193 | 1,193 |
| Balance at 31 December 2011 | <u>22,106</u> | <u>133,420</u> | <u>155,526</u> |
| Accumulated Depreciation | | | |
| Balance at 1 January 2011 | 21,952 | 118,588 | 140,540 |
| Charge for the Year | 154 | 5,097 | 5,251 |
| Balance at 31 December 2011 | <u>22,106</u> | <u>123,685</u> | <u>145,791</u> |
| Net Book Value at 31 December 2011 | <u>-</u> | <u>9,735</u> | <u>9,735</u> |
| Net Book Value at 31 December 2010 | <u>154</u> | <u>13,639</u> | <u>13,793</u> |

DUN LAOGHAIRE – RATHDOWN COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED

Notes to the Financial Statements

7. Capital Account

| | 2011 | 2011 | 2010 | 2010 |
|--|---------|--------------|---------|---------------|
| | € | € | € | € |
| Balance at 1 January | | 13,793 | | 6,959 |
| TRANSFER FROM/(TO) INCOME & EXPENDITURE A/C | | | | |
| Funds allocated to acquire Fixed Assets | 1,193 | | 12,171 | |
| Amount amortised in line with asset depreciation | (5,251) | (4,058) | (5,337) | 6,834 |
| | | <u>9,735</u> | | <u>13,793</u> |

8. Taxation

No provision has been made for Taxation in the Financial Statements.

9. Employees and Remuneration

Remuneration costs of The County Enterprise Board amounted to a total of €305,942, which has been charged in the Income and Expenditure Account as follows:

| | |
|-----------------------------------|----------------|
| | € |
| Administration | 296,674 |
| Special Initiative for Travellers | <u>9,268</u> |
| | <u>305,942</u> |

The average number of staff during the period was 5. All staff are employed on a contract basis. See Note 13 below. €18,660 was deducted from staff by way of pension levy and was paid over to Enterprise Ireland.

10. Superannuation

The Board operates a Superannuation scheme which was introduced for all County and City Enterprise boards with a commencement date of 2 April 2008. During 2011 the Board collected, and paid to Enterprise Ireland, staff contributions of €13,464.

11. Directors' Fees and CEO Salary

The Board operate on a voluntary basis and no payments were made to Board members in 2011.

The CEO received salary payments of €1,580 in 2011. No bonus payments were made to the CEO. During 2011 the Board collected from the CEO, and paid to Enterprise Ireland, a pension levy of €7,566. The CEO also received an amount of €12,894 in respect of Travel and Subsistence. The CEO is a member of an unfunded defined benefit public sector scheme and his pension entitlements do not extend beyond the standard entitlements in the public sector defined benefit superannuation scheme.

12. Board Members – Disclosure of Transactions

The board adopted procedures in accordance with the Guidelines for the Code of Practice for the Governance of State Bodies in relation to the disclosure of interests by Board members and these procedures have been adhered to in the year.

DUN LAOGHAIRE – RATHDOWN COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED

Notes to the Financial Statements

13. Special Initiative for Travellers

The Board operated a programme with the aim of enhancing the entrepreneurial capability of members of the Traveller Community in Dun Laoghaire – Rathdown. The programme was operated from September to December 2011 and was funded by FÁS .

The income represents the reimbursement of payroll costs of the programme. The payroll costs of the Special Initiative for Travellers were funded by FÁS.

14. Contingent Liability

The Board has, on occasion, provided financial assistance by means of investment in Cumulative Redeemable Convertible Preference Shares and has received a total of €1,332,903 through redemption of some of these shares. The Board's contingent liabilities relating to these investments arise from the possibility that companies may have redeemed shares in situations where there were inadequate distributable profits. In such instances the Board may be obliged to repay monies received on foot of redemptions.

15. Going Concern

In February 2012, the Government announced its intention to dissolve the County Enterprise Boards and create a new Micro-Enterprise and Small Business Unit in Enterprise Ireland that will work with Local Authorities to establish a new network of Local Enterprise Offices in each Local Authority. The Board assumes that all existing activities will continue to be carried out by the new Local Enterprise Offices with its assets and liabilities likely to be transferred to Enterprise Ireland. In the circumstances, it does not believe that any adjustment is needed to the financial statements to reflect any possible restructuring and it has prepared these accounts on a going concern basis.

16. Board Premises

The Board premises are rented from Nutgrove Community Enterprise Centre, Nutgrove Way, Rathfarnham, Dublin 14. It is subject to a 4 year renewal. The next renewal is in 2013. The annual rent is €38,708.

17. Related Party Transactions

During 2011, the Board invoiced Nutgrove Community Enterprise Centre Limited €26,472 for management fees with a zero balance outstanding at the year-end. During 2011, Nutgrove Community Enterprise Centre Limited invoiced the Board €23,333 for management fees with €23,333 outstanding at the year end. Individuals who are directors of both companies absent themselves from Board decisions concerning Nutgrove Community Enterprise Centre Limited.

During 2011, the Board approved €35,000 in Selective Financial Assistance to Dun Laoghaire-Rathdown Trust Fund Limited. Of this, €30,000 was paid out and €5,000 was an outstanding commitment at the year end. Individuals who are directors of both companies absent themselves from Board decisions concerning Dun Laoghaire-Rathdown Trust Fund Limited.

18. Approval of Financial Statements

The Financial Statements were approved by the Directors on 22 May 2012.



Dún Laoghaire-Rathdown | Bord **Fiontar** Contae
County **Enterprise** Board | Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin

Tuarascáil Bhliantúil 2011



Cláir Chisti Struchtúracha AE
na hÉireann 2007-2013

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



CISTE FORBRAÍOCHTA
RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA

AG INFHEISTIÚ I DO THODHCHAÍ

Clár

| | |
|--|---------|
| 1. Tuarascáil an Chathaoirligh | lch. 3 |
| 2. Tuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin | lch. 4 |
| 3. Cairt Chustaiméirí | lch. 7 |
| 4. Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtacht Fuinnimh | lch. 9 |
| 5. Riarachán agus Struchtúr an Bhoird | lch. 10 |
| 6. Beart 1 – Idirghabháil Roghnaitheach Airgeadais | lch. 11 |
| 7. Beart 2 – Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta | lch. 13 |
| 8. Caiteachas deontais i 2011 | lch. 16 |
| 9. Ráitis Airgeadais | lch. 20 |

Tuarascáil an Chathaoirligh

Tá áthas orm tuairisciú go leanann Bord Fiontair Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar aghaidh le ról ríthábhachtach a sholáthar maidir le cúnamh do ghnólachtaí nua-thionscanta agus fáis agus d'fhorbairt fhoriomlán na micrifhiontraíochta sa chontae. Leanann an Bord de bheith ag feidhmiú de réir théarmaí a Phlean Straitéisigh 2007-2013.

Le linn 2011, faomhadh trí ghnólacht is caoga eile le haghaidh cúnamh airgeadais, infheistíocht iomlán de €842,048. D'fhéadfadh na tionscadail seo breis is 141 post a chruthú nuair a bheid siad curtha i bhfeidhm go hiomlán. Ciallaíonn sé seo go bhfuair iomlán de 1,140 tionscadal cúnamh airgeadais ón mBord ó bunaíodh é i 1995, rud a chruthaigh breis is 1,730 post.

Ach b'fhéidir gurb é an rud is luachmhaire a dhéanann an Bord chun cuidiú leis an micrifhiontraíocht i nDún Laoghaire Ráth an Dúin ná an tseirbhís a sholáthraíonn sé do na daoine a bhfuil rún acu gnó a bhunú nó a leathnú. Gach bliain, faigheann na céadta daoine eolas agus comhairle gnó, meantóireacht agus líonrú. Sa bhliain 2011, ghlac 480 duine san iomlán páirt i 32 clár forbartha bainisteoireachta. Caitheadh iomlán de €105,057 ar na cláir seo.

Ba mhaith liom deimhniú go bhfuiltear ag cloí go hiomlán le riachtanais an Rialtais maidir le polasaí taistil.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghabháil le mo Chomhchomhaltaí ar an mBord as a dtiomantas agus as a gcion féin a dhéanamh in obair an Bhoird i 2011. Ar son an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Choiste Meastóireachta as a gcríochnúlacht agus a n-éifeachtúlacht i meastóireacht tionscadail i rith na bliana; leis an Aire agus a oifigigh sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; le baill an Láraonaid Comhordaithe i bhFiontraíocht Éireann; agus go háirithe leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a fhoireann mar gheall ar a n-obair dhícheallach agus a ndíograis le linn na bliana.

Tá mé muiníneach go leanfaidh Bord Fiontair Contae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin de bheith ag glacadh páirt dhílis i bhforbairt an gheilleagair áitiuil i nDún Laoghaire Ráth an Dúin sna blianta amach romhainn.



Patrick G. Beare
Cathaoirleach

Tuarascail an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin a chur i láthair do 2011. Sonraíonn sé seo ár bpríomhghníomhaíochtaí i rith na bliana. Leanann an Bord de bheith ag feidhmiú laistigh de chreat a Phlean Straitéisigh, 2007-2013. Is cuid dhílis den phlean é Ráiteas Misin an Bhoird:

Beidh an Bord Fiontar chun tosaigh san fheachtas chun a chinntiú go mbeidh Dún Laoghaire Ráth an Dúin ina mhol do ghnóthais bheaga dhinimiciúla trí spiorad fiontraíochta a SPREAGADH, trí chúnamh a thabhairt do ghnóthais NUA-THIONSCANTA agus luathchéime, agus trí iomaíochas, nuálaíocht agus FÁS a FHEABHSÚ i micreaghnóthais.

I 2011 fuair an Bord deontais Oireachtais de €1,259.853. Cuireadh cistí a ghin an Bord leis an ioncam seo, rud a d'ardaigh an t-ioncam iomlán don bhliain go dtí €1,763,536. Caitheadh deontais an Oireachtais ina n-iomláine i rith na bliana. Caitheadh iomlán de €627,790 i gcúnamh Bheart 1, agus fuair 53 tionscadal cúnamh airgeadais trí Staidéar Indéantachta, trí mhaoiniú Prímeála Gnó, agus maoiniú Méadaithe Gnó. Is trí chabhair inaisíochta a cuireadh 41% den chistiú ar fad a faomhadh ar fáil. Caitheadh €657,320 ar thionscnaimh faoi Bheart 2. Is féidir liom deimhniú gur chomhlíonadh gach riachtanas agus sprioc de chuid na Roinne maidir le leithdháileadh an mhaoinithe.

Chuimsigh buaicphointí ghníomhaíochtaí an Bhoird le linn 2011 na nithe seo a leanas:

- Bhí Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin rangaithe sa dara háit sa tír maidir le tionscadail faofa faoi Bheart 1, le 53 tionscadal faofa le haghaidh maoinithe. I dtéarmaí na suimeanna faofa, áfach, bhí an Bord rangaithe sa dara háit freisin sa tír, le figiúr faofa de €842,048;.
- Maidir le cistiú Bheart 2, dob é Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin an Bord is airde rangú sa tír, le 1766 rannpháirtí sna gníomhaíochtaí seo i 2011, agus – ó thaobh cothromaíochta inscne de – fir a bhí i 844 acu agus mná i 922 acu.
- Tá trí chineál deontais ann anois:
 - Deontais Indéantachta Inniúlachta
 - Deontais Prímeála Gnó
 - Deontais Méadaithe Gnó

Níor cuireadh aon mhaoiniú Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte ar fáil sa bhliain 2011.

- Ghabh an Bord páirt, mar chomhpháirtí, i ndá chlár Eorpach – SITE agus INSEMOT. Leathnaíodh on clár Erasmus d'Fhiontraithe Óga agus feidhmíonn an Bord mar chomhordaitheoir dó seo ar bhonn náisiúnta.

- Chomhoibrigh an Bord lena chomhghleacaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i bhFine Gall agus le Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh, den chéad uair riamh, i Márta 2011. Bhí níos mó ná 200 ban i láthair ag imeacht líonraithe i lár Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Bhí 90 tasc meantóireachta ag dul ar aghaidh i rith na bliana (237 cruinniú aonair san iomlán).
- Tionóladh 32 cúrsa agus seimineár gairide oiliúna forbartha bainisteoireachta le linn na bliana agus ghlac iomlán de 480 duine páirt iontu.
- Tionóladh 53 clinic Comhairle Gnó leathlae le 204 seisiún aonair.
- D'fhreastail 647 duine ar 35 imeacht líonraithe i 2011. Reáchtáil an Bord 5 líonra i rith na tréimhse: START, Mná Fiontraíochta, Post Trádála, Éadan le hUisce Dhún Laoghaire agus Dearthóirí Seoda Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- D'éirigh le 12 chuideachta an clár oiliúna Hi-Start do ghnóthais nua a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu maidir le fás agus idirnáisiú, a chríochnú. Is cúrsa pan-Bhord Fiontar Bhaile Átha Cliath anois é an clár seo a thosaigh an Bord i 2007, agus i gclár 2011 ba as Dún Laoghaire Ráth an Dúin do cheathrar de na rannpháirtithe.
- I Mí Meán Fómhair 2011, reáchtáil an Bord a chéad Sárthaispeántas Fiontraíochta dar teideal Fly Higher. Reachtáileadh roinnt imeachtaí éagsúla i rith an lae agus bhí os cionn 250 duine i láthair
- Lean an Bord ar aghaidh le tionscnamh Margaíochta Easpórtála a sholáthar, faoi mhaoiniú Bheart 2.
- Seoladh an tionscnamh náisiúnta Tech Check in Aibreán 2007. Cé go raibh an clár ar fail do chliaint i rith na bliana níor bhain éinne leas as.
- Lean an Bord ar aghaidh lena rannpháirtíocht ghníomhach sa chlár PLATO lena chomhbhoird i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- Reáchtáil an Bord Aonach Samhraidh agus Geimhridh an-rathúil, inar léiríodh táirgí ó bhail líonra agus aird ar leith dírithe ar chliaint in earnáil na gceard agus in earnáil an bhia ardchaighdeán de dhéantús baile.
- I rith Bliain na Ceardaíochta 2011 agus mar chuid den tionscadal BRAND, agus i gcomhoibriú le Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin bhainistigh an Bord tionscamh an-rathúil – preabshliopa - i Mí Aibreáin 2011 agus arís i Mí na Nollag 2011.
- Rinneadh feabhsúcháin leanúnacha ar láithreán gréasáin an Bhoird – www.dlrceb.ie - agus is é seo i gcónaí an príomhbhealach a úsáidtear chun eolas faoi ghníomhaíochtaí an Bhoird a scaipeadh.
- Tá an Bord gníomhach i dtionscnaimh oideachais, go háirithe ag an dara agus an tríú leibhéal.

Ní bheadh Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin in ann feidhmiú go héifeachtach gan an tacaíocht leanúnach ón gCathaoirleach agus ó na Stiúrthóirí, a thugann a gcuid ama agus taithí go toilteanach ar bhonn deonach – is mór agam é. Ar an ndóigh chéanna, ba chóir aitheantas a thabhairt do chomhaltáí an Choiste Mheastóireachta mar gheall ar a n-iarrachtaí maidir leis na hiarratais go léir ar chúnamh a mheasunú. Mar

chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann
fheidhmiúcháin as a dtiomantas agus a ndianobair le linn bliana deacair.



Michael Johnson
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cairt Chúram Custaiméirí

Beidh an Bord Fiontar chun tosaigh san fheachtas chun a chinntiú go mbeidh Dún Laoghaire Ráth an Dúin ina mhol do ghnóthais bheaga dhinimiciúla trí spiorad fiontraíochta a SPREAGADH, trí chúnamh a thabhairt do ghnóthais NUA-THIONSCANTA agus luathchéime, agus trí iomaíochas, nuálaíocht agus FÁS a FHEABHSÚ i micreaghnóthais.

Cuspóirí:

Chun fiontair nua-thionscanta agus fiontair bheaga/micrifhiontair atá ag fás a thacú agus a fhorbairt laistigh de Dhún Laoghaire Ráth an Dúin. Baintear é seo amach taobh istigh de chreatlach de Phlean Stratéiseach Gníomhaíochta comhtháite chun buangeilleagar láidir áitiúil a thógáil a mbeidh de thoradh air go gcruthófar fostaíocht agus saibhreas inbhuanaithe.

Chun na dualgais a chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de chúram air a chomhlíonadh ar dhóigh atá éifeachtúil agus gairmiúil ag an gcostas is ísle don phobal, ag tabhairt aitheantais i gcónaí do cheart an phobail seirbhís thapa chúirtéiseach a bheith aige.

Cód Cleachtais um Sheachadadh Seirbhísí:

Agus tú ag plé leis an mBord, déanfaidh gach ball foirne iarracht chun a chinntiú go bhfaigheann tú an tseirbhís is fearr.

Cúirtéis agus Cúntacht:

Bheith ag súil agus tú ag déileáil leis an mBord, cé acu go pearsanta, ar an teileafón nó trí chomhfhreagras, go mbeidh foireann an Bhoird cúirtéiseach agus cuidiúil duit i gcónaí.

Go dtugtar duit ainm an oifigigh lena bhfuil tú ag plé.

Eolas:

Go dtugtar eolas iomlán cruinn duit i dteanga shimplí maidir le ceist ar bith a bheadh agat.

Cúram Custaiméirí:

Rochtain a bheith ar fáil ar gach eolas is gá faoi ghníomhaíochtaí an Bhoird.

Iarracht a dhéanamh chun fógra faoi thorthaí iarratas a cuireadh isteach a chur ar fáil taobh istigh de 6-8 seachtaine.

Éifeachtúlacht:

Bheith ag súil go bpléitear le gach cheist ar dhóigh thapa agus éifeachtúil, ag aithint san am chéanna gur gá aon chostas a d'fhéadfaí a thabhu ó riachtanas a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Príobháideacht agus Rúndacht:

Faoi réir na hoibleagáide dlíthiúla atá ar an mBord mar chomhlacht poiblí go bpléann an fhoireann, an Coiste Meastóireachta agus comhaltaí an Bhoird leis an eolas go léir a sholáthraíonn tú, cé acu pearsanta nó gnó, go hiomlán faoi rún, ar dhóigh a thugann urraim do dhínit an duine agus d'íogaireacht an eolais.

Sásamh:

Bheith ag súil go gcuirfear ar an eolas tú faoi thoradh an chinnidh maidir le haighneachtaí agus go mbeidh an ceart agat é a phlé leis an bhFeidhmeannas.

Go dtugtar an deis duit ábhar breise a chur le bunaighneacht chun nós imeachta achomhairc a éascú.

Bheith ag súil go ndéanfaidh an Bord breithniú ar ar achomharc sa chás go soláthraítear ábhar suntasach ardchaighdeán breise agus go gcaithfear leis an aighneacht leasaithe mar aighneacht “nua”.

Go dtuigtear nach féidir leis an nós imeacha achomhairc a bheith leanúnach.

Nós imeachta chun Gearáin a Dhéanamh:

Má tharlaíonn go mbíonn deacracht ar bith agat le seirbhísí a sholáthraíonn an Bord, beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas chun a chinntiú go mbeidh freagra éifeachtúil tapa agat:

1. Ba chóir an cheist a chur i bhfios don bhfoireann atá bainteach leis an scéal nó don Phríomhfheidhmeannach, de bhriathar nó i scríbhinn, agus déanfaidh siadsan iarracht aon ghearáin dhlísteanacha a réiteach gan mhoill.
2. Sa chás nach bhfaigheann tú réiteach sásúil, déan teagmhail le do thoil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, a bheidh in ann do ghearán a imscrúdú agus a réiteach go tapa agus go báúil.
3. Sa chás nach féidir le foireann an Bhoird nó leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin an cheist a réiteach go sásúil duit, ba chóir duit litir a scríobh ansin – agus í a mharcáil “Príobháideach agus faoi Rún” - chuig:

An Cathaoirleach
Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin
Páirc Fiontraíochta an Gharráin Chnó
Bealach an Gharráin Chnó
Ráth Fearnáin
Baile Átha Claithe 14

a fhéachfaidh chuige go n-imscrúdófar do ghearán agus cuirfear ar an eolas tú dá réir.

4. Beidh cinneadh an Bhoird críochnaitheach maidir le gach ceist a éiríonn as glacadh leis an bpolasai seo ar sheirbhísí úsáideoirí agus an nós imeachta chun gearáin a dhéanamh.

Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtacht Fuinnimh

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2011

Tá Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin suite i bPáirc Fiontraíochta an Gharráin Chnó, áit a bhfuil dhá oifig againn. Baineann an chuid is mó den fhuinneamh a ídítear in ár n-oifig le téamh, soilsiú agus trealamh oifige.

I 2011, d'ídigh Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin 25.65 MWh d'fhuinneamh, comhdhéanta de

- 25.65 MWh de leictreachas;

Bearta a Glacadh i 2011

I 2011 chuir Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin tús le raon de thionscnaimh chun ár bhfeidhmiú fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Suiteáil ardrialtán don soilsiú seachtrach i bPáirc Fiontraíochta an Gharráin Chnó chun ídiú leictreachais a íoslaghdú nuair nach mbíonn sé ag taisteáil.
- Leanadh ar aghaidh de bheith ag cloí leis an nós imeachta chun a chinntiú go múchtar na soilse agus an trealamh go léir gach oíche agus nuair nach mbíonn said in úsáid chun ídiú fuinnimh a laghdú.

Gníomhartha atá beartaithe do 2012

Tá sé beartaithe ag Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin ár bhfeidhmiú fuinnimh a fheabhsú i 2012 trí thús a chur leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh de bheith ag cloí leis an nós imeachta chun a chinntiú go múchtar na soilse agus an trealamh go léir gach oíche agus nuair nach mbíonn said in úsáid chun ídiú fuinnimh a laghdú.

Riarachán agus Struchtúr an Bhoird

Tá 16 Stiúrthóir ar an mBord, lena n-áirítear 4 ionadaí tofa, ionadaithe na gComhpháirtithe Sóisialta, gníomhaireachtaí na hEarnála Poiblí agus ionadaithe Ginearálta agus ón bPobal. I 2011, d'éirigh an tUas. Lorcan O'Sullivan as oifig agus ceapadh Clodagh Whelan Uas. ina ionad. D'éirigh an Comhairleoir Aidan Culhane as oifig agus ceapadh an Comhairleoir Lettie McCarthy ina h-ionad. Ceapadh an tUas. Colm Kinsella ina bhall den Bord mar ainmnitheach de chuid Chomhdháil na gCeardchumann chun folúntas ar an mBord faoi láthair a líonadh. D'éirigh an tUas. Peter MacNally as oifig.

B'iad seo leanas comhaltaí an Bhoird ag deireadh na bliana, 31 Nollaig 2011:

An tUas. Patrick Beare (Cathaoirleach)
An tUas. Wessel Badenhorst
An Comhairleoir Marie Baker
An Dr. Josephine Browne
An tUas. Tom Dalton
An tUas. Hugh Fitzsimons
An Comhairleoir Tony Fox
An Comhairleoir Pat Hand
An tUas. Colm Kinsella
An Comhairleoir Lettie McCarthy
An tUas. John Murphy
An tUas. Michael O'Connor
An tUas. Brendan O'Regan
An tUas. Philip Osborne
Clodagh Whelan Uas.
(post amháin folamh)

Tá ceathrar comhaltaí ar an gCoiste Meastóireachta:

| | | |
|--------------------------------|---|---|
| Peter Sheridan (Cathaoirleach) | - | Fiontraíocht Éireann |
| Fiona Fitzgibbon | - | Baincéir |
| Hal Ledford | - | Comhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire Ráth an Dúin |
| Hilary Haydon | - | Cuntasóir |

Is mar seo a bhí Feidhmeannas an Bhoird le linn 2011:

| | | |
|-------------------|---|--|
| Michael Johnson | - | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| Georgina Sweetnam | - | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Cúnta |
| Michael Hayden | - | Comhairleoir Gnó |
| Gabriel McWeeney | - | Riarthóir Airgeadais |
| Lisa Brown | - | Riarthóir |

Beart 1: Idirghabháil Roghnaitheach Airgeadais

Bhí cúnamh airgeadais ar fáil do thionscadail incháilithe faoi cheithre cheannteideal: Indéantacht, Prímeáil Gnó, Méadú Gnó agus Scair Thosaíochta Infhuascailte. Is iad na tionscadail a cháilíonn le haghaidh maoinithe ná gnóthais sna hearnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí intrádála idirnáisiúnta, turasóireacht isteach agus tionscadail chúram leanaí agus gnóthais atá á dtionscnamh ag daoine a fágadh iomarcach le déanaí nó atá ar an mBeochlár, nó mná atá ag filleadh ar an bhfórsa saothair.

Staidéar Indéantachta

Tá deontais staidéir indéantachta suas go €20,000 nó 50% de na costais iarbhír ar fáil. De ghnáth tugtar iad seo do ghnóthais luathchéime ach is féidir le ghnóthais láithreacha atá ag iarraidh táirge nó seirbhís nua a fhorbairt leas a bhaint astu. D'fhéadfadh maoiniú Staidéar Indéantachta Inniúlacht, do Thaighde Saothair Féin, Costais Comhairleachta agus Costais Ilghnéitheacha a chlúdach. Níl ach costais 3^ú páirtí incháilithe.

Maoiniú Prímeála Gnó

Is féidir suas go €80,000 nó 50% de na costais iarbhír (gan CBL a chur san áireamh) a thabú sa chatagóir seo. Is féidir caiteachas faoi na ceannteidil seo a leanas a chur san áireamh: Míreanna Caipitil, Costais Tuarastail, Costais Cíosa/Cóiríochta, Costais Fónais, Costais Margaíochta, Costais Comhairleachta agus Oiliúint Shainiúil Ghnó. Tá Maoiniú Prímeála Gnó ar fáil do ghnóthais cáilitheacha atá ag trádáil ar feadh 18 míosa nó níos lú. Ó Mhárta 2011 i leith, tá maoiniú Prímeála Gnó srianta do chruthú fostaíochta agus cuireadh cúnamh airgeadais ar fail i bhfoirm deontas Fostaíochta.

Maoiniú Méadaithe Gnó

Is féidir suas go €80,000 nó 50% de na costais iarbhír (gan CBL a chur san áireamh) a thabú sa chatagóir seo. Is féidir caiteachas faoi na ceannteidil seo a leanas a chur san áireamh: Míreanna Caipitil, Costais Tuarastail, Costais Cíosa/Cóiríochta, Costais Fónais, Costais Margaíochta, Costais Comhairleachta agus Oiliúint Shainiúil Ghnó. Tá Maoiniú Méadaithe Gnó ar fáil do ghnóthais cáilitheacha atá ag trádáil ar feadh 18 míosa nó níos mó. Ó Mhárta 2011 i leith, tá maoiniú Prímeála Gnó srianta do chruthú fostaíochta agus cuireadh cúnamh airgeadais ar fail i bhfoirm deontas Fostaíochta.

Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte

Tá an Bord údaraithe cuideachtaí a thacú trí scaireanna a cheannach suas go huasmhéid de €80,000. Déantar iad seo a fhuascailt de ghnáth thar thréimhse 3-5 bliana; ina dhiaidh sin tagann leas an Bhoird sa chuideachta chun deiridh. Cuirtear an cúnamh seo ar fáil ar choinníoll go gcuireann na tionscnóirí maoiniú ar fáil atá comhfhreagrach le maoiniú an Bhoird. Ní dharna an Bord aon infheistiú i Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte i 2011.

Miondealú ar Chúnamh Airgeadais a Faomhadh i 2011

| | Líon | Iomlán |
|------------------------------------|-------------|----------------|
| Staidéar Indéantachta | 15 | 77,100 |
| Maoiniú Prímeála Gnó | 25 | 495,448 |
| Maoiniú Méadaithe Gnó | 13 | 269,500 |
| Scair Thosaíochta Infhuascailte | 0 | 0 |
| Fo-iomlán | 53 | 842,048 |
| Lúide dídhílsithe | | 187,898 |
| IOMLÁN | | 654,150 |

Sa bhliain 2011, bhí 41% den chúnamh airgeadais faofa go léir i bhfoirm cúnamh inaisíochta.

Beart 2: Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

Ag cur Gníomhaíochtaí Fiontraíochta Chun Cinn

Leanann an Bord de bheith ag ardú feasachta ar fhiontraíocht ar fud an chontae. Bhí an príomhfhócas sa cheantar seo ar an imeacht nua Sárthaispéantas Fiontraíochta – *Fly Higher* - a reáchtáil in Óstán an Royal Marine i Mí Meán Fómhair. Chuimsigh an t-imeacht seo a bhí ar siúl san oíche Clinicí le Meantóirí, cur i láthair maidir le hábhar a bhain le cúrsaí fiontraíochta le Kevin Kelly, cainteoir inspreagtha, plé éascaithe painéil, líonrú, agus moltóireacht agus bronnadh na nDamhachtainí Fiontraíochta Contae. Bhí os cionn 250 duine i láthair.

Tá pacáí eolais ginearálta agus speisialaithe ar fáil agus scaipeadh iad go forleathan i 2011. Tá ár leabharlann eolais ghnó, lena n-áirítear raon d'irisleabhair reatha ar fhiontraíocht, ar fáil i gcónaí do gach fiontraí áitiúil. Cuirtear leabhráin eolais eile ar ábhair mar chánachas agus dlí cuideachta ar fáil ach iad a iarraidh agus coinnítear suas chun dáta iad. Nuashonraíodh ábhar foilsithe uile an Bhoird in 2011, agus cuireadh leabhrán nua ar na Meáin Shóisialta le haghaidh Gnó leis an raon a bhí an cheana.

Is é an láithreán gréasáin – www.dlrceb.ie - an príomhmheán chun gníomhaíochtaí an Bhoird a chur os comhair an phobail. Tugtar an suíomh suas chun dáta go rialta agus léiríonn staitisticí go dtugtar cuairt air go minic.

Tá ionadaíocht ag an mBord ar bhoird bhainistíochta na dtrí Ionad Fiontar sa chontae – Páirc Fiontraíochta an Gharráin Chnó (an áit a bhfuil oifigí an Bhoird lonnaithe), Ionad Fiontar Dhún Laoghaire agus Ciúb na Meán in Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT). San iomlán, tá níos mó ná 65 spás cothaithe fiontar tacaithe ar fáil do ghnóthais bheaga sa chontae.

Oiliúint Forbartha Bainisteoireachta

Sholáthair an Bord 28 cúrsa agus seimineár Oiliúna Bainisteoireachta le linn na bliana, agus iomlán de 616 rannpháirtí ag freastal orthu. Is é an cúrsa *Bunaigh Do Ghnó Féin* an cúrsa is mó a bhfuil tóir air – cuireadh 7 gcúrsa 8 seachtaine ar siúl i 2011, agus d'fhreastail iomlán de 63 rannpháirtí orthu. Tá tóir mhéadaitheach ar oiliúint in úsáid na Meán Sóisialta agus Margaíochta – reáchtáil 4 chúrsa ar an ábhar seo i rith na bliana le 60 rannpháirtí san iomlán. Reáchtáil 2 sheimineár leathlae ar ábhair idirlín i gcomhar le Cumann Idirlín na hÉireann, le breis is 90 duine ag freastal orthu.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár Hi Start i 2011. Chomhcheangail an clár seo seimineáir oiliúna traidisiúnta le meantóireacht agus líonrú. Thug sé isteach eilimint nua freisin - clár “páirtíochta”, nuair a meaitseáil rannpháirtithe le fiontraí seanchleachtaithe a bhí sásta a chuid taithí a roinnt. I 2008, síníodh an clár chuig na Boird Fhiontar eile i mBaile Átha Cliath agus chuig Bord Fiontar Contae Chill Mhantáin. Sa bhliain 2011 ghlac iomlán de 12 rannpháirtí páirt ann agus d'ainmnigh Dún Laoghaire ceathrar de na rannpháirtithe seo. Lean an Bord ar aghaidh lena pháirt sa chlár PLATO.

Ghlac an Bord páirt freisin i mbeart píolótach réigiún Bhaile Átha Cliath don chlár *Accelerate* agus bhí 6 chliant ó Dhún Laoghaire Ráth an Dúin i lathair.

Meantóireacht

Aithníonn an Bord gur gá le fiontraithe áitiúla seirbhísí meantóireachta rialta inrochtana a bheith acu. Bhí 14 ar an bpainéal Meantóireachta i 2011, agus gabhadh 90 tasc de láimh le linn na bliana, agus iomlán de bhreis is 237 cruinniú aonair ann mar gheall air seo. Lean an Bord ar aghaidh le clinicí rialta Comhairle Gnó i rith na bliana – 53 san iomlán. Bíonn cruinnithe 30 nóiméad ag Meantóir le cliant a bhfuil comhairle ghinearálta ag teastáil uathu agus is feidir na cliant seo a threorú ansin chuig seirbhísí príomhshrutha de reir mar is cuí. Bhain os cionn 204 cliant leas an an tseirbhís seo i rith na bliana.

Líonrú

Mar fhreagra ar thaighde agus suirbhé leanúnach cliant, reáchtáladh sraith d'imeachtaí míosúla líonraithe tráthnóna le linn na bliana, áit inar féidir le tionscnóirí gnóthas beag bualadh le chéile agus smaointe a mhalartú. Tá ceithre líonra ar siúl ag an mBord: Post Trádála, Mná Fiontraíochta, Dearthóirí Seodra Dhún Laoghaire agus an Líonra START. San iomlán, d'fhreastail 647 duine ar na cruinnithe seo le linn na bliana. Chomhoibrigh an Bord lena chomhghleacaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i bhFine Gall, agus le Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh i Mí Márta 2011. Bhí os cionn 250 bean i lathair ag imeacht líonraithe i lár Chathair Bhaile Átha Cliath.

Sa bhliain 2011 thacaigh an Bord le líonra earnála – Éadan le hUisce Dhún Laoghaire. Tá an grúpa seo dírithe ar ghnólachtaí in earnáil na Siamsaíochta Mara, agus tá 40 ball aige.

Ghlac a lán ball de na líonraí páirt san Aonach bliantúil Samhraidh, a reáchtáladh i dTeach Marlay i Meitheamh. Bhí níos mó ná 4,000 duine i lathair agus ba bheag nár shroich díolacháin na 48 taispeántóir €50,000. Reáchtáileadh an tAonach bliantúil Geimhridh i Mí na Samhna 2011, i gCaisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginis. Ghlac 38 cuideachta páirt san imeacht – uasacmhainn an ionaid. D'fhreastail 8,420 ar an imeacht agus ba é €53,000 méid na ndíolachán agus na n-ordaithe a glacadh ag an deireadh seachtaine sin. Leanfar ar aghaidh leis an dá imeacht seo, atá oscailte don phobal, ar bhonn bliantúil, de réir an mholta i bPlean Straitéiseach an Bhoird.

I mBliain na Ceardaíochta 2011, bhí an Bord an-ghníomhach agus é ag tacú leis na ceardaithe agus dearthóirí áitiúla, i gcomhoibriú le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin. Bhí an da comhpháirtí seo in ann tacaíocht airgeadais a thabhairt to na gníomhaíochtaí breise seo. Mar chuid den tionscadal BRAND, chuir an Chomhairle Contae réadmhaoin ar an bpríomhshráid ar fail le haghaidh úsáide mar phreabshiopa agus ghlac an Bord é ar cíos ar dhá ócáid: ar feadh tréimhse 6 seachtaine in Aibreán-Bealtaine 2011 agus ar feadh tréimhse 3 sheachtain i Mí na Nollag 2011. Nuair a osclaíodh é san Earrach bhí na díolacháin os cionn €54,250 agus um Nollaig gineadh beagnach €40,000. Ní

bhaineann na figiúirí seo ach amháin le díolacháin sa siopa agus fuair roinnt dearthóirí orduithe agus coimisiúin breise ar bhonn díreach tar éis dóibh tréimhse a chaitheamh sa siopa.

Tionscnaimh Eile

Leanann an Bord de bheith gníomhach i dtionscnaimh oideachais, go háirithe ag an 2ú agus an 3ú leibhéal. Eagraíodh clár rathúil Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn, agus bhí craobhacha an chontae ar siúl i Márta 2011 in Óstán an Royal Marine i nDún Laoghaire. Ghlac 14 scoil as 32 scoil sa chontae páirt sna Dámhachtainí, agus ghlac os cionn 1,000 mac léinn páirt ann. Bhí ionadaithe ó Dhún Laoghaire - Rath an Dúin sna 3 chatagóir sna craobhacha náisiúnta i mBealtaine 2011, i bPáirc an Chróchaigh. Sa bhliain 2009, i gcomhar le hInstitiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) agus Ionad Oideachais na Carraige Duibhe, chuir an Bord tús le Tionscadal an tSárthaispeántais Fiontraíochta a chuireann ar chumas mac léinn den dara leibhéal sárthaispeántas a chur i láthair gan páirt a ghlacadh go foirmiúil sna Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn. Lean sé seo ar aghaidh i 2011 agus ghlac 5 scoil agus 200 mac léinn sa iomlán páirt sa tionscnamh seo.

Tá dlúthbhaint ag an mBord leis na 3 insitiúid 3ú leibhéal sa chontae – UCD, IADT agus Coláiste Sinsearach Dhún Laoghaire. Rinneadh roinnt cur i láthair os comhair na mac léinn ag an leibhéal seo le linn 2011. Bhí roinnt tionscnamh rathúla ag dul ar aghaidh le UCD agus le IADT le linn na bliana, agus breis is 600 rannpháirtí ag freastal ar shraith léachtaí fiontair mac léinn.

Sa bhliain 2011, bhain an Bord a sprioc foilsithe amach maidir le 500 mac léinn 3ú leibhéal a bheith ag glacadh páirte in imeacht fiontraíochta, agus maidir le 3 óráid fiontraíochta a reáchtáil sa phobal i gcoitinne.

Reáchtáileadh na comórtas dheiridh de na Dámhachtainí Contae Fiontar go luath i Mí Meán Fómhair 2011 i Halla an Chontae. Dob é Bid Management Ltd., cuideachta speisialtóir tairisceana atá ag trádáil go hidirnáisiúnta a bhuaigh an comórtas. Chuaigh an tionscnóir, Joanne Gillen ar aghaidh mar ionadaí Dhún Laoghaire - Rath an Dúin sa chomórtas deiridh de na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar i Mí na Samhna 2011.

Sheol an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an clár Tech Check go náisiúnta in Aibreán 2007. Cé gur cuireadh deireadh leis an gclár ar bhonn náisiúnta i 2009, lean an Bord de bheith ag cur an tseirbhís ar fáil óna chuntas Beart 2 ach ní raibh aon iarratasóirí ann sa bhliain 2011.

Deontais íoctha i 2011

Deontais Staidéir Indéantachta

| Faighteoir an Deontais | Earnáil | Meid Chúnaimh Neamhinaisíoctha € | Méid Chúnaimh Inaisíoctha € | Iomlán € |
|--------------------------|---|----------------------------------|-----------------------------|---------------|
| Emily Godson | Déantúsaíocht | 4,532 | | 4,532 |
| Nxtgen Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 1,159 | | 1,159 |
| LogScreen Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 14,125 | | 14,125 |
| Garry Kenny | Leictreachas, Gás, Gal & Soláthar Aerchóiriúchain | 4,323 | | 4,323 |
| Declan Bullock | Ealaíona, Siamsaíocht & Áineas | 4,887 | | 4,887 |
| EduBills | Eolas & Cumarsáid | 4,993 | | 4,992 |
| Gadget Saver | Gníomhaíochtaí seirbhíse eile | 4,228 | | 4,227 |
| Paul Griffin | Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola | 3,198 | | 3,198 |
| Camilla Fanning | Eolas & Cumarsáid | 3,450 | | 3,450 |
| Omar O'Sullivan | Eolas & Cumarsáid | 5,000 | | 5,000 |
| My Materials Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 3,200 | | 3,200 |
| Avar Communications Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 5,000 | | 5,000 |
| Tag Rugby Sports Ltd. | Ealaíona, Siamsaíocht & Áineas | 7,927 | | 7,927 |
| Ronan Hickey | Eolas & Cumarsáid | 5,000 | | 5,000 |
| Jeremy Boyle | Eolas & Cumarsáid | 4,500 | | 4,5000 |
| | | | TOTAL € | 75,520 |

Maoiniú Prímeála Gnó

| Faighteoir an Deontais | Earnáil | Méid Chúnaimh Neamhinaisíochta € | Méid Chúnaimh Inaisíochta € | Iomlán € |
|------------------------------|--|----------------------------------|-----------------------------|----------|
| Squirrel Engineering Ltd. | Soláthar Uisce, Séarachas, Bainistíocht Dramhaíola & Gníomhaíochtaí Feabhsúcháin | 6,698 | 13,397 | 20,095 |
| Clip Gurus Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 6,577 | 3,288 | 9,865 |
| Arcdox | Eolas & Cumarsáid | 1,751 | 3,502 | 5,253 |
| Mathew Gallagher | Eolas & Cumarsáid | 501 | | 502 |
| Party Management Online | Eolas & Cumarsáid | 8,023 | 4,012 | 12,035 |
| Dublin by Bike Tours | Gníomhaíochtaí Riaracháin & Seirbhísí Tacaíochta | 563 | 1,125 | 1,688 |
| LTP Ltd. | Eolas & Teicneolaíocht | 10,000 | 5,000 | 15,000 |
| Accommodation Booking Engine | Eolas & Cumarsáid | 3,572 | 7,143 | 10,715 |
| Salon Addict Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 13,646 | 6,823 | 20,469 |
| Web Team International | Eolas & Cumarsáid | 31,396 | 15,698 | 47,094 |
| Cairde Slainte Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 18,272 | 9,136 | 27,408 |
| Wild Rover Tours | Gníomhaíochtaí Riaracháin & Seirbhísí Tacaíochta | 4,300 | 2,149 | 6,449 |
| PowerON Sports | Ealaíona, Siamsaíocht & Áineas | 6,041 | 3,020 | 9,061 |
| Lightkeeper Media Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 9,063 | 18,125 | 27,188 |
| Slated | Déantúsaíocht | 4,629 | 2,314 | 6,943 |
| Adam's Printing Press | Déantúsaíocht | 1,563 | 3,125 | 4,688 |

| | | | | |
|----------------------------|---|--------|-----------------|----------------|
| Giddy Goat Tours | Gníomhaíochtaí Riaracháin & Seirbhísí Tacaíochta | 2,996 | 1,498 | 4,494 |
| Party Management Online | Eolas & Cumarsáid | 5,558 | 2,780 | 8,338 |
| Upside Down Studio | Déantúsaíocht | 6,667 | 3,333 | 10,000 |
| Achill Island Consulting | Eolas & Cumarsáid | 6,667 | 3,333 | 10,000 |
| Complete Total Media Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 10,000 | 5,000 | 15,000 |
| Energy Maestro Electrical | Leictreachas, Gás, Gal & Soláthar Aerchóiriúchain | 2,500 | 1,250 | 3,750 |
| Go Create Marketing | Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile | 5,125 | 2,563 | 7,688 |
| Fairhazel Ltd. | Gníomhaíochtaí Riaracháin & Seirbhísí Tacaíochta | 5,000 | 2,500 | 7,500 |
| Opticks | Déantúsaíocht | 6,667 | 3,333 | 10,000 |
| Mat Dynamics Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 3,333 | 1,667 | 5,000 |
| Ambient Foods Ltd. | Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola | 3,333 | 1,667 | 5,000 |
| My Materials | Eolas & Cumarsáid | 3,250 | 1,625 | 4,875 |
| Moonlight Advertising Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 6,000 | 3,000 | 9,000 |
| Great Nite Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 2,250 | 1,125 | 3,375 |
| | | | Iomlán € | 328,473 |

Maoiniú Méadaithe Gnó

| Faighteoir an Deontais | Earnáil | Méid Chúnaimh Neamhinaisíochta € | Méid Chúnaimh Inaisíochta € | Iomlán € |
|------------------------|--|----------------------------------|-----------------------------|----------|
| Aran Tours Ltd. | Gníomhaíochtaí Riaracháin & Seirbhísí Tacaíochta | 1,907 | 3,815 | 5,722 |
| Mediawave | Eolas & | 4,356 | 8,713 | 13,069 |

| | | | | |
|-----------------------------------|--|--------|-----------------|----------------|
| Ltd. | Cumarsáid | | | |
| eDynamics Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 4,500 | 9,000 | 13,500 |
| Heritage Island Ltd. | Gníomhaíochtaí Riaracháin & Seirbhísí Tacaíochta | 6,817 | 13,635 | 20,452 |
| Bid Management Services Ltd. | Gníomhaíochtaí Gairmiúla Eolaíochta agus Teicniúla | 13,408 | 26,816 | 40,224 |
| Ruhm Ltd | Déantúsaíocht | 6,412 | 12,825 | 19,237 |
| Roseland Music Ltd. | Ealaíona, Siamsaíocht & Áineas | 5,000 | 10,000 | 15,000 |
| Bgate Technology Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 1,667 | 3,333 | 5,000 |
| Dun Laoghaire Rathdown Trust Fund | Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile | 30,000 | | 30,000 |
| Simply Elegant Cakes | Déantúsaíocht | 1,250 | 2,500 | 3,750 |
| 247 Meeting Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 1,125 | 2,250 | 3,375 |
| EppCo Export | Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile | 7,500 | 15,000 | 22,500 |
| Silicon Cloud Ltd. | Eolas & Cumarsáid | 3,156 | 6,312 | 9,468 |
| Pintail Ltd. | Gníomhaíochtaí Gairmiúla Eolaíochta agus Teicniúla | 2,500 | 5,000 | 7,500 |
| Automotive Team Ltd. | Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola | 5,000 | 10,000 | 15,000 |
| | | | iomlán € | 223,797 |

**BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE –
RÁTH AN DÚIN TEORANTA**

Ráitis Airgeadais
Bliain dar Chríoch 31 Nollaig 2011

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

CLÁR

LEATHANACH

| | |
|--|-------|
| COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS EOLAS GINEARÁLTA | 2 |
| TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ | 3-4 |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS | 5-6 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 7-8 |
| RÁITEAS AR NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA | 9 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 10 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 11 |
| NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 12-18 |

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS EOLAS GINEARÁLTA

Comhaltaí an Bhoird: An tUas. Patrick Beare (Cathaoirleach)
An tUas. Wessel Badenhorst
An Clr. Marie Baker
An Dr. Josephine Browne
An tUas Tom Dalton
An tUas. Hugh Fitzsimons
An Clr. Tony Fox
An Clr. Pat Hand
An tUas. Colm Kinsella
An Clr. Lettie McCarthy
An tUas. John Murphy
An tUas. Michael O'Connor
An tUas. Brendan O'Regan
An tUas. Philip Osborne
Clodagh Whelan, Uas.

Rúnaí: An tUas. Michael Johnson

Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin: An tUas. Michael Johnson

Oifig Chláraithe: Ionad Fiontair Pobail an Gharráin Chnó
Bealach an Gharráin Chnó
Ráth Fearnáin
Baile Átha Cliath 14

Iniúcháirí: An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Stáitchiste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Baincírí: Banc na hÉireann
Dún Droma
Baile Átha Cliath 14

Dlíodóirí: Partners at Law
8 Sráid Adelaide
Dún Laoghaire
Co. Bhaile Átha Cliath

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

TUARASCÁIL NA STIURTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

Príomhghníomhaíochtaí

Is é Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin Teoranta an ghníomhaireacht forbartha fiontair don chontae a oibríonn chun forbairt áitiúil eacnamaíoch chomhtháite a chur chun cinn agus a chuidiú i nDún Laoghaire – Ráth an Dúin trí fhiontair a chruthú agus a fhorbairt trí chuidiú airgeadais, eolas agus comhairle a sholáthar.

Torthaí

Leagtar sonraí na dtorthaí cuntasáochta don bhliain amach sna cuntais agus sna nótaí gaolmhara ar leathanaigh 9 to 18.

Teagmhais Iar-Chlár Comhardaithe

Taobh amuigh de na nithe atá leagtha amach i nóta 15 ní raibh aon teagmhas suntasach iar-chlár comhardaithe ann.

Iniúcháirí

Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste freagrach as an iniúchadh ar an mBord de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí leo chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais Alt 202, d'Acht na gCuideachtaí 1990, maidir le leabhair chuntais chearta a choimeád ná cur i bhfeidhm na mbeartas agus na nósanna imeachta atá riachtanach chun idirbhearta a thaifeadadh, pearsanra inniúla cuntasáochta a bhfuil an saineolas cuí acu a fhostú, agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na leabhair chuntais ag oifig chláraithe na cuideachta.

Nuair a fhostaítear pearsanra cuntasáochta, déanfaidh na stiúrthóirí measúnú chun a fháil amach an bhfuil pearsanra dá leithéid:

- cáilithe go hoiriúnach,
- an bhfuil an t-eolas agus an taithí acu atá riachtanach chun an gnó agus an dóigh a mbíonn tionchar ag a imthosca ar leith ar na leabhair chuntas a thuiscint,
- agus in ann staid airgeadais agus torthaí na cuideachta a fháil amach am ar bith gan aon ródheacracht.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2011


Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme na hÉireann agus an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdean Cuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.


Éilíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas firinneach cóir ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús nó cailleanas na cuideachta don bhliain sin. Agus na ráitis sin a n-ullmhú acu, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil an bonn sin míchuí;
- a lua ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtáíodh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn agus de réir reacht na hÉireann lena n-áirítear Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, as sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Cathaoirleach Patrick Beare



Stiúrthóir Josephine Browne

Dáta: 22 Bealtaine 2012

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Ar son Bhord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin Teoranta, admhaím an fhreagracht atá orainn deimhin a dhéanamh de go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thairbhíocht i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtai ábhartha a chosc nó go mbrathfaí iad go tráthúil.

Eochairnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta déanta ag an mBord chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú trí

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhú cuí ceartaitheach a chinntiú.

Tá an Bord tiomanta do phróisis a bhunú chun rioscaí gnó a shainiú agus a mheasú trí

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shainiú, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- an dóchúlacht a mheasú go dtarlódh na rioscaí a sainiú ;
- measúnaí dhéanamh ar chumas an chomhlachta na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le feidhmiú rialuithe áirithe a mheasúnaí i gcomparáid leis an tairbhe faighte.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgais, agus córas tarmligthe agus freagrachta. Áirítear air ach go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe a bhfuil buiséad bliantúil aige a ndéanann an Bord Stiúrthóirí athbhreithniú air agus lena n-aontaíonn sé;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord Stiúrthóirí ar thuarascálacha treimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirí rialaithe infheistíochta caipitil atá sainmhínte go soiléir;
- smacht foirmiúil bainistíochta tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin a oibríonn de réir an Chóid Cleachtais maidir le rialachas Comhlachtaí Stáit. Bhunaigh Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin Coiste Iniúchta in Eanáir 2004.

Déantar obair an iniúchta inmheánaigh ag baint leasa as anailís ar an riosca a mbíonn an comhlacht nochtaithe dó , agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís seo. D'fhorhuinigh an Coiste Iniúchta an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh agus d'fhaomh an Bord Stiúrthóirí iad. Déanann an tIniúcháir Inmheánach athbhreithnithe ráithiúla ar na gníomhaíochtaí agus soláthraíonn sé tuarascáil ar gach athbhreithniú iniúchta inmheánaigh don Choiste Iniúchta. Cuimsíonn an tuarascáil tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á threorú ag obair an Iniúcháir Inmheánaigh, ag an gCoiste Iniúchta a rinne maoirseacht ar obair an iniúcháir inmheánaigh, ag bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais agus ag tráchtaí ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.


BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

Athbhreithniú Bliantuil ar Rialuithe

Deimhním go raibh athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánach airgeadais déanta ag an mBord don bhliain dar chrioch 31 Nollaig 2011.



Cathaoirleach Patrick Beare



Stiúrthóir Josephine Browne

Dáta : 30 Bealtaine 2012

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil lena tiolacadh do Thithe an Oireachtais

Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin Teoranta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin Teoranta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Is é atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasafochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasafochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán de réir an dlí infheidhme agus an Chleachtais Cuntasafochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é m'fhreagrachta ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire) agus déantar é i gcomhlíonadh Caighdeán Eiticíúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Raon Iniúchta na Ráiteas Airgeadais

Séard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun ráthaíocht réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaais nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar

- cibé acu an bhfuil na polasaithe cuntasafochta cuí do chúinsí na comhlachta nó nach bhfuil agus cibé ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh agus

cibé ar nochtadh go himleor iad nó nár nochtadh

- réasúntacht na meastachán cuntasafochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus,
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise freisin le linn an iniúchta faoi rialtacht na n-idirbheart.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile sa tuarascáil bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má fhaighim fios ar aon mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha follasach ar bith, déanaim na himpleachtaí don tuarascáil a mheas.

Gan mhaolú a dhéanamh ar mo thuairim, dírim aird ar an bPolasaí Cuntasafochta ar phinsin a mhíníonn cén fáth nár cuireadh na forálacha de Chaighdeán 17 um Thuairisciú Airgeadais i gcrích.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na Ráitis Airgeadais:

- léargas fíorcheart, de réir an Chleachtais Cuntasafochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ag 31 Nollaig 2011 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar chríoch sin; agus

- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé a bheith riachtanach chun críche m'iniúchta. Is é mo thuairim gur choimeád an Chuideachta leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair cuntais.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Nithe a ndéanaim Tuairisciú Eisceachta orthu

Déanaim tuairisciú eisceachta más rud é

- gur thug m'iniúchadh faoi deara aon chás ábhartha nuair nár cuireadh suimeanna airgid i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe dóibh nó nuair nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad, nó

- nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dá bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, nó

- nach léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an chomhlacht an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó

- go bhfaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an mbealach a reachtáladh gnó poiblí.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú eisceachta orthu.

Andrew Harkness

**Le haghaidh agus thar ceann
An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
31 Bealtaine 2012**

**BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA
RÁITEAS FAOI NA POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA**

1. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhráithe na cuntasaíochta, agus de réir Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar leis na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

2. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Seasta ag a gcostas nó luacháil stairiúil lúide Dímheas carntha.

Muirearaítear Dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, de réir méid chothroim, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú don luach measta iarmharach, thar a saolré úsáideach ionchais.

| | |
|-----------------|----------|
| Troscán | 12 1/2 % |
| Trealamh Oifige | 20 % |

3. Deontais ón Oireachtas

Déantar Deontais ón Oireachtas a chur chun cuntais ar bonn fabhráithe. Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann Deontais ón Oireachtas thar ceann an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

4. Deontais Iníochta

Fabhraítear deontais sna Ráitis Airgeadais nuair atá coinníollacha ordaithe comhlíonta ag na deontaithe.

5. Cuntas Caipitil

Séard atá sa Chuntas Caipitil ná luach gan amúchadh an Ioncaim a úsáidtear le haghaidh cuspóirí Caipitil.

6. Ioncam Iarchurtha

Aithnítear aisíocaíochtaí de chúnamh inaisíochta mar ioncam nuair a chuirtear chun feidhme é mar mar chúnamh airgeadais chuig fiontair eile.

Séard atá in Ioncam Iarchurtha ná cúnaimh inaisíochta a fuarthas ó fhiontair chuidithe ach nár cuireadh chun feidhme fós.

7. Aoisliúntais agus FRS17:Pinsin

Forálann Alt 10 (4)(g) den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995 gur féidir leis na Boird Fiontar Contae pearsanra a fhostú (lena n-áirítear príomhoifigeach feidhmiúcháin) sa dóigh agus faoi réir cibé théarmaí atá faofa ag an Aire (le toiliú an Aire Airgeadais) de réir mar a mheasann an Bord a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun a chuspóirí a chur chun cinn.

D'fhaomh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, Aoisliúntas agus Scéimeanna bainteacha Aoisliúntais do Chéilí agus Leanaí a thabhairt isteach don Bhord. Tugadh isteach Scéimeanna Aoisliúntais d'fhoireann an Bhoird i 2008 agus go dtí go dtugtar faomhadh foirmiúil, tá údarú tugtha ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, don Bhord na scéimeanna a fheidhmiú, bunaithe ar an Scéim Samhail Aoisliúntais do Státseirbhísigh, ar bhonn riaracháin. Feidhmíonn na scéimeanna ar bhonn "íoctar mar a úsáidtear", rud a chiallaíonn nach bhfuil sochair réamh-mhaoinithe trí ranníocaíochtaí a dhéanamh chuig ciste ar leith faoi rialú iontaobhaithe.

Faoi na socrúithe seo íoctar ranníocaíochtaí na bhfostaithe chuig Fiontraíocht Éireann agus An Roinn Post Fiontar agus Nuálaíochta agus cuireann an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta cistí ar fáil don Bhord, trí Fhiontraíocht Éireann, chun costais na sochar a ghlanadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

Tá an Roinn ag breathnú faoi láthair ar na féidearthachtaí maidir leis na scéimeanna a athstruchtúru ionas go n-ionchorpródh siad na Boird Fiontar Contae go léir.

Go dtí go réiteofar na neamhchinnteachtaí seo maidir leis na scéimeanna, níl forálacha nochta scéime sochair sainithe FRS17 curtha i bhfeidhm ag an mBord.

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA


Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011


| Ioncam | Nótaí | 2011 € | 2010 € |
|---|-------|-------------------------|-------------------------|
| Deontais ón Oireachtas | 1a | 1,259,853 | 1,084,743 |
| Cúnamh Deontais Inaisíochta | | 286,005 | 61,517 |
| Ioncam eile | 1b | 204,352 | 382,317 |
| Tionscnamh Speisialta do Thaistealaithe | 13 | 9,268 | - |
| | | <u>1,759,478</u> | <u>1,528,577</u> |
| Aistriú ó/(chuig) Chuntas Caipitil | 7 | 4,058 | (6,834) |
| Iomlán | | <u>1,763,536</u> | <u>1,521,743</u> |
| Caiteachas | | | |
| Cúnamh Airgeadais – Deontais | 2 | 627,790 | 539,188 |
| Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta | 4 | 657,320 | 533,602 |
| Riarachán | 5 | 478,426 | 448,953 |
| Iomlán | | <u>1,763,536</u> | <u>1,521,743</u> |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | <u>-</u> | <u>-</u> |


Ní raibh aon ghnóthachain ná cailíteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas na cinn a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar na polasaithe cuntasáíochta chomh maith le nótaí 1 go 18.


Patrick Beare


Josephine Browne


Michael Johnson
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Cathaoirleach
Dáta: 22 Bealtaine 2012

Stiúrthóir

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | 2011 € | 2010 € |
|---|-------|---------------------|----------------------|
| Sócmhainní Seasta | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 6 | 9,735 | 13,793 |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Féichiúnaithe | | 22,198 | 25,890 |
| Banc agus Airgead Tirim | | 451,555 | 767,470 |
| | | <u>473,753</u> | <u>793,360</u> |
| Dlíteanais Reatha | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | | (42,190) | (34,361) |
| Ioncam Iarchurtha | 3c | (269,874) | (370,391) |
| Deontas Réamhíochta ón Oireachtas | | (161,689) | (388,608) |
| | | <u>(473,753)</u> | <u>(793,360)</u> |
| Glansócmhainní/(Dlíteanais) Reatha | | - | - |
| Glansócmhainní | | <u><u>9,735</u></u> | <u><u>13,793</u></u> |
| Arna Maoiniú Ag | | | |
| Cuntas Caipítíl | 7 | 9,735 | 13,793 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | - | - |
| | | <u><u>9,735</u></u> | <u><u>13,793</u></u> |


Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar na polasaithe cuntasáíochta chomh maith le nótaí 1 go 18.



Patrick Beare


Cathaoirleach

Dáta: 22 Bealtaine 2012



Josephine Browne

Stiúrthóir



Michael Johnson

Príomhoifigeach

Feidhmiúcháin

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA
Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

1a. Maoiniú agus Caiteachas an Bhoird

Fiontraíocht Áitiúil

Forálann Alt 10 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995 go n-íocfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta deontais don Bhard. Faoi Ionstraim Reachtuil Uimh. 655 de 2006, íocann Fiontraíocht Éireann deontais ar son an Aire. Cuirtear caiteachas an Bhoird i bhfeidhm ar bhearta faoi Fho-Chlár Forbartha na Fiontraíochta Áitiúla, Nuálaíocht agus Tosaíocht an Gheilleagair Eolasbhunaithe, de Chlár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2007-2013.

Is iad seo leanas na bearta:

Beart 1 – Cúnamh Roghnaitheach Airgeadais
 Beart 2 - Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

1b. Ioncam Eile

| | 2011 | 2010 |
|-----------------------------------|-------------|-------------|
| | € | € |
| Cláir Forbartha Bainisteoireachta | 20,200 | 15,000 |
| Oiliúint | 34,079 | 48,586 |
| Meantóireacht | 7,495 | 13,025 |
| Cur chun Cinn na Fiontraíochta | 79,018 | 266,485 |
| Eile | 63,560 | 39,221 |
| | 204,352 | 382,317 |

2. Cúnamh Roghnaitheach Airgeadais

Déanann an Bord tairiscintí de chúnamh deontais a bhíonn bailí, má ghlactar leis, mar cheangaltas an Bhoird ar feadh tréimhse sonraithe nó sna himthosca a shonraítear nuair a fhaomhtar iad. Déantar tairiscintí da leithéid a dhígealladh nuair a théann tréimhse na tairiscinte as feidhm nó nuair a athraíonn na himthosca.

Ba é €341,785 an maoiniú a sholáthair an Roinn chun Cúnamh Roghnaitheach Airgeadais a íoc i 2011.

Ba iad seo a leanas na ceangaltas gan íoc a bhí ag an mBord amháil ar 31 Nollaig 2011:

| | Deontais | Deontais Inaisíoctha | Scaireanna Tosaíochta | Iomlán |
|---|----------------|-------------------------|--------------------------|----------------|
| | € | € | € | € |
| Ceangaltas amháil ar 1 Eanáir 2010 | 235,078 | 432,063 | - | 667,141 |
| Ceaduithe | 520,412 | 321,636 | - | 842,048 |
| | 755,490 | 753,699 | - | 1,509,189 |
| Dígeallta - Ceaduithe 2011 | (106,870) | (53,492) | - | (160,362) |
| - Ceaduithe Roimh 2011 | (174,171) | (187,743) | - | (361,914) |
| | 474,449 | 512,464 | - | 986,913 |
| Caiteachas | 366,059 | 261,731 | - | 627,790 |
| Ceangaltas amháil ar 31 Nollaig 2011 | 108,390 | 250,733 | - | 359,123 |

Cuimsíonn caiteachas de €627,790 Deontais Indéantachta €75,521, Deontais Prímeála €328,471, Deontais Méadaithe Gnó €223,798.

Glacadh na ceangaltas go léir de €359,123 a bhí gan íoc ar 31 Nollaig 2011 de láimh tar éis 1 Eanáir 2011.

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

3a. Infheistíochtaí

Ba é €1,701,508 an méid a bhí infheistithe trí scaireanna tosaíochta amhail ar 31 Nollaig 2011. Toisc nach féidir luach na scaireanna seo a bhrathann ar fheidhmíocht na bhfiontar a mheas go cruinn, níl na scaireanna caipitlithe ar an gClár Comhardaithe. Cuirtear díbhinní, ús agus aisíocaíochtaí faighte san áireamh ar bhonn airgid. Ní féidir leis an mBord Fiontar na fáltais seo a úsáid ach amháin chun deontais bhreise a mhaoiniú. Ní féidir aisíocaíochtaí de chabhair airgeadais inaisíochta a úsáid ach amháin chun deontais bhreise faoi Bheart 1 a mhaoiniú. D'fhéadfadh €60,021 a tugadh ar airleacan trí dheontais inaisíochta a beith inaisíochta amhail ar 31 Nollaig 2011.

Gluaiseacht in Infheistíochtaí(ar a chostas)

| | 2011 | 2010 |
|------------------------|-----------|-----------|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 1,826,058 | 1,857,186 |
| Aisíochta sa Bhliain | (98,300) | (124,878) |
| Eisithe sa Bhliain | - | 130,000 |
| Méideanna díscríofa | (26,250) | (36,250) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 1,701,508 | 1,826,058 |

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

3a. Infheistíochtaí – ar lean

Bhí na hinfeistíochtaí seo a leanas i seilbh an Bhoird amhail ar 31 Nollaig 2011:

| Ainm na Cuideachta | Cineál Scaire | 2011 € | 2010 € |
|-------------------------------|-------------------------------------|-----------|-----------|
| Abrem Developments Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 30,625 | 37,500 |
| Amtec Engineering Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 38,880 | 38,880 |
| Arcline Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 40,205 | 40,205 |
| Ardan Audio Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 80,000 | 80,000 |
| Attention to Detail Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 68,000 | 68,000 |
| Authentic Solutions | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 33,333 | 36,458 |
| Biztel Europe Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 63,500 | 63,500 |
| Cakes & Co. Ltd. | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 37,980 | 37,980 |
| Captech Electronics | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 19,250 | 19,250 |
| Checkpoint IT Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 63,500 | 63,500 |
| Ciferion Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 37,500 | 48,750 |
| CKSK Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 5,600 | 15,200 |
| Complemen. Health On-line Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 44,454 | 44,454 |
| Cornerstone International | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 75,000 | 75,000 |
| Corporate Vitality Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 35,156 | 35,938 |
| Counter Propaganda | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 46,667 | 56,667 |
| Cvizz | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 37,500 | 37,500 |
| Docagility Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 35,417 | 35,417 |
| Fassbinder & English Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 55,356 | 55,356 |
| Feely Consulting Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 56,000 | 56,000 |
| GEMC Ireland Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | - | 26,250 |
| Handle Hygiene Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 24,583 | 24,583 |
| Host IT Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 113,750 | 122,500 |
| Interleado Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 48,958 | 48,958 |
| Invotech Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 73,438 | 73,438 |
| OWJO Technologies Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 66,250 | 66,250 |
| Pandollic Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 29,375 | 36,875 |
| Pekaar Technologies Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 50,833 | 50,833 |
| Qtier Software Ireland Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 38,646 | 38,646 |
| Red Box Direct Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 21,250 | 36,250 |
| Reddar Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 19,581 | 26,666 |
| RGC Technologies Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 75,000 | 75,000 |
| Silver Spoon Media Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 70,000 | 70,000 |
| Soft Export Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 38,750 | 40,000 |
| Software Asset Management | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 7,500 | 12,500 |
| Top 5 Modern Technologies Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 32,500 | 38,333 |
| Vagabond Tours Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 24,871 | 24,871 |
| Vidatum Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | - | 6,250 |
| Zahra Publishing Ltd | Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte | 62,300 | 62,300 |
| | | 1,701,508 | 1,826,058 |

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

3a. Infheistíochtaí – ar lean

Déanann an Bord athbhreithniú ar infheistíochtaí, agus nuair a mheasann sé nach dócha go n-aisíocfar an infheistíocht, déanfaidh an Bord cinneadh an méid sin a dhíscríobh. Díscríobhadh infheistíochtaí le luach de €26,250 i 2011. Fuasclaíodh Scaireanna Tosaíochta arbh fhiú €98,300 iad i 2011.

3b. Cúnamh Deontais Inaisíochta

Toisc go mbrathann aisíocaíocht ar fheidhmíocht na bhfiontar, ní áirítear an méid amuigh mar shócmhainn sa Chlár Comhardaithe. Cuirtear aisíocaíochtaí faighte san áireamh ar bhonn airgid tirim. Is féidir leis an mBord Fiontar fáltais dá leithéid a úsáid chun deontais bhreise a mhaoiniú.

| | 2011 € | 2010 € |
|--------------------------|-----------------|-----------|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 478,770 | 361,285 |
| Eisithe sa Bhliain | 261,731 | 203,206 |
| Aisíochta sa Bhliain | (80,480) | (85,721) |
| Díscríofa sa Bhliain | <u>(26,146)</u> | - |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 633,875 | 478,770 |
| Dlite laistigh de 12 Mhí | 151,280 | 85,779 |
| Dlite i ndiaidh 12 Mhí | 482,595 | 392,991 |

Déanann an Bord athbhreithniú ar iarmhéideanna atá dlite agus nuair a mheasann sé nach dócha go ndéanfar aisíocaíocht déanfaidh an Bord cinneadh an méid sin a dhíscríobh. Díscríobhadh cúnamh deontais inaisíochta de €26,146 i 2011.

3c. Athleithroinnt Fáltas ó Chúnamh Inaisíochta

| | 2011 € | 2010 € |
|---|----------------|----------------|
| Iarmhéid na bhFáltas Cúnamh Inaisíochta ar láimh amhail ar 1 Eanáir | 370,391 | 212,950 |
| Íocaíochtaí Cúnamh Inaisíochta curtha ar aghaidh ó Ioncam Iarchurtha | (286,005) | (61,517) |
| Fáltais Chúnamh Inaisíochta: Aisíocaíocht de Chúnamh Inaisíochta sa Bhliain | 80,480 | 85,721 |
| Aisíocaíocht Scaireanna Tosaíochta sa Bhliain | 98,300 | 124,878 |
| Ús/Díbhinn sa Bhliain | <u>6,708</u> | <u>8,359</u> |
| Iarmhéid na bhFáltas ó Chúnamh Inaisíochta ar láimh amhail ar 31 Nollaig 2011 | <u>269,874</u> | <u>370,391</u> |

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

4. Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

| | 2011 | 2010 |
|-----------------------------------|-----------------|----------------|
| | € | € |
| Cláir Forbartha Bainisteoireachta | 14,244 | 13,183 |
| Oiliúint | 90,813 | 103,632 |
| Meantóireacht | 46,810 | 51,870 |
| Oideachas Fiontraíochta | 39,827 | 30,732 |
| Cur Chun Cinn na Fiontraíochta | 258,045 | 319,875 |
| Eile | 207,581 | 14,310 |
| | <u>657,3320</u> | <u>533,602</u> |

5. Costais Riaracháin

| | 2011 | 2010 |
|------------------------|----------------|----------------|
| | € | € |
| Tuarastail | 305,942 | 295,078 |
| Costais Taistil | 15,230 | 16,030 |
| Cóiríocht | 57,797 | 38,708 |
| Teleafón | 8,626 | 9,915 |
| Costais Oifige | 53,478 | 45,543 |
| Táillí Iniúcháireachta | 6,392 | 6,392 |
| Táillí Gairmiúla | 23,430 | 24,629 |
| Árachas | - | 4,813 |
| Oiliúint Foirne | 2,280 | 2,508 |
| Dímheas | 5,251 | 5,337 |
| | <u>478,426</u> | <u>448,953</u> |

6. Sócmhainní Seasta

| Costas/Luacháil | Troscán | Trealamh | Iomlán |
|--|----------------------|-----------------------|-----------------------|
| | € | € | € |
| Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2011 | 22,106 | 132,227 | 154,333 |
| Méideanna Breise sa Bhliain | - | 1,193 | 1,193 |
| Iarmheid amhail ar 31 Nollaig 2011 | <u>22,106</u> | <u>133,420</u> | <u>155,526</u> |
| Dímheas Carntha | | | |
| Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir 2011 | 21,952 | 118,588 | 140,540 |
| Muirear don Bhliain | 154 | 5,097 | 5,251 |
| Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig 2011 | <u>22,106</u> | <u>123,685</u> | <u>145,791</u> |
| Glanluach Leabhar amhail ar 31 Nollaig 2011 | <u>-</u> | <u>9,735</u> | <u>9,735</u> |
| Glanluach Leabhar amhail ar 31 Nollaig 2010 | <u>154</u> | <u>13,639</u> | <u>13,793</u> |

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

7. Cuntas Caipitil

| | 2011 | 2011 | 2010 | 2010 |
|--|---------|--------------|---------|---------------|
| | € | € | € | € |
| Iarmhéid amhail ar 1 Eanair | | 13,793 | | 6,959 |
| AISTRIÚ ÓN/(CHUIG AN) (g)CUNTAS IONCAM & CAITEACHAIS | | | | |
| Cistí leithroinnte chun Sócmhainní Seasta a fháil | 1,193 | | 12,171 | |
| Méid amúchta i gcomhréir le dímhéas sócmhainní | (5,251) | (4,058) | (5,337) | (6,834) |
| | | <u>9,735</u> | | <u>13,793</u> |

8. Cánachas

Ní dhearnadh aon soláthar do Chánachas sna Ráitis Airgeadais.

9. Fostaithe agus Luach Saothair

Bhí iomlán de €305,942 i gcostais luach saothair le híoc ag an mBord Fiontar Contae, a muirearaíodh sa Chuntas Ioncam agus Caiteachais mar seo a leanas:

| | |
|---|----------------|
| | € |
| Riarachán | 295,674 |
| Tionscnamh Speisialta do Thaistealaithe | <u>9,268</u> |
| | <u>305,942</u> |

Cúigear a bhí i meanlón na foirne le linn na tréimhse. Fostaítear an fhoireann go leir ar bhonn conartha. Féach Nóta 13 thíos. Baineadh €18,660 ón bhfoireann mar thobhach pinsin agus d'íocadh é seo d'Fhiontraíocht Éireann.

10. Aoisliúntas

Feidhmíonn an Bord scéim Aoisliúntais a tugadh isteach do gach bord Fiontar Contae agus Cathrach le dáta tosaithe ar an 2 Aibreán 2008. I rith 2011 bhailigh an Bord ranníocaíochtaí foirne de €13,464 agus d'íoc sé iad seo le Fiontraíocht Éireann.

11. Táillí Stiúrthóirí agus Tuarastal an POF

Feidhmíonn an Bord ar bhonn deonach agus ní dhearnadh íocaíochtaí ar bith do chomhaltai an Bhoird i 2011.

Fuair an POF íocaíochtaí tuarastail de €1,580 i 2011. Ní dhearnadh íocaíocht bhónais ar bith don POF. I rith 2011 bhailigh an Bord tobhach pinsin de €7,566 ón POF agus d'íoc sé é seo le Fiontraíocht Éireann. Fuair an POF €12,894 i leith Taistil agus Cothaithe. Tá an POF ina bhall de scéim shochair shainithe neamhchistithe na hearnála poiblí agus ní chuimsíonn a theidlíochtaí pinsin níos mó ná na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais shochair shainithe na hearnála poiblí.

12. Comhaltai Boird – Nochtadh Idirbheart

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dTreoirlínte don Chód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit maidir le nochtadh leasanna ag comhaltai Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana.

BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE – RÁTH AN DÚIN TEORANTA
Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

13. Tionscnamh Speisialta do Thaistealaithe

Reáchtáil an Bord clár d'fhonn cumas fiontraíochta an Lucht Taistil i nDún Laoghaire – Ráth an Dúin a fheabhsú. Reachtáileadh an clár ó Meán Fómhair go Mí na Nollag 2011 agus chuir FÁS cistiú ar fáil dó.

Is ionann an t-ioncam agus aisíocaíocht costas párolla an chláir. Chistigh FÁS costais pharolla an Tionscnaimh Speisialta do Thaistealaithe.

14. Dlíteanas Teagmhasach

Ó am go ham chuir an Bord cúnamh airgeadais ar fáil trí infheistiú i Scaireanna Tosaíochta Carntha Infhuascailte Inchomhshóite agus fuair sé €1,332,903 san iomlán trí chuid de na scaireanna seo a fhuascailt. Éiríonn dlíteanais theagmhasach an Bhoird maidir leis na hinfheistíochtaí seo toisc go bhféadfadh sé tarlú gur fhuascail comhlachtaí scaireanna i gcásanna ina raibh brabúis indáilte neamhdhóthanacha ann. I gcásanna mar sin b'fhéidir go mbeidh d'oibleagáid ar an mBord airgead a fuair sé ar bhonn fuascailtí a aisíoc.

15. Gnóthas Leantach

I Feabhra 2012, d'fhógair an Rialtas go raibh sé ar intinn aige na Boird Fiontair Contae a dhíscaoileadh agus Aonad Nua do Mhicreathionscadail agus Gnóthais Bheaga a chruthú i bhFiontraíocht Éireann a oibreoidh leis na hÚdaráis Áitiúla chun líonra nua d'Oifigí Fiontar Áitiúla a bhunú i ngach Údarás Áitiúil. Glacann an Bord leis go leanfaidh na hOifigí Fiontar Áitiúla nua de bheith ag cur na gníomhaíochtaí láithreacha i bhfeidhm agus gur dóigh go n-aistrefar a shócmhainní agus a dhlíteanais go léir chuig Fiontraíocht Éireann. Sna himthosca seo, ní chreideann sé gur gá aon choigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais chun aon athstruchtúrú a d'fhéadfadh tarlú a chur san áireamh agus tá na cuntais seo ullmhaithe aige ar bhonn gnóthais leantaigh.

16. Áitreabh an Bhoird

Tá áitreabh an Bhoird glactha ar cíos ó Ionad Fiontair Pobail an Gharráin Chnó, Bealach an Gharráin Chnó, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14. Ní mór é a athnuachan gach 4 bliana. Déanfar é a athnuachan arís sa bhliain 2013. Is é €38,708 an cíos bliantúil.

17. Idirbhearta le páirtithe gaolmhara

I rith 2011 chuir an Bord sonrasc le haghaidh €26,472 chuig Ionad Fiontair Pobail an Gharráin Chnó Teoranta le haghaidh táillí bainistíochta agus bhí iarmhéid nialasach ann ag deireadh na bliana. I rith 2011 chuir Ionad Fiontair Pobail an Gharráin Chnó Teoranta sonrasc le haghaidh €23,333 chuig an Bord le haghaidh táillí bainistíochta agus bhí €23,333 gan íoc ag deireadh na bliana. Ní ghlacann daoine atá ina stiúrtóirí den dá chuideachta páirt i gcinntí an Bhoird a bhaineann le hIonad Fiontair Pobail an Gharráin Chnó Teoranta.

I rith 2011 d'fhaomh an Bord €35,000 mar Chúnamh Roghnaitheach Airgeadais do Chiste Iontaobhais Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin Teoranta. Íocadh amach €30,000 den méid seo agus bhí €5,000 mar cheangaltas gan íoc ag deireadh na bliana. Ní ghlacann daoine atá ina stiúrtóirí den dá chuideachta páirt i gcinntí an Bhoird a bhaineann le Ciste Iontaobhais Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin Teoranta.

18. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrtóirí na Ráitis Airgeadais ar 22 Bealtaine 2012.